An Roinn Aeráide,
Fuinnimh agus Comhshaoil
Department of Climate,
Energy and the Environment

Tuarascáil Chomhairliúcháin Phoiblí

Ráiteas Straitéise na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil 2025 - 2028

Meán Fómhair 2025

Clár Ábhair

1 Réamhrá 2

2 Príomhthéamaí 3

2.1 Téama 1: Gníomhú Aeráide 3

2.2 Téama 2: Aistriú Fuinnimh, Dícharbónú agus Slándáil 3

2.3 Téama 3: An Comhshaol, an Geilleagar Ciorclach & Acmhainní Nádúrtha 4

2.4 Téama 4: Ceannaireacht Straitéiseach agus Cur i bhFeidhm 5

1 Réamhrá

Tugtar le fios in Alt 4(1)(b) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;

4.(1) Ach amháin mar a ordóidh an Rialtas a mhalairt nó mar a fhoráiltear a mhalairt le haon Acht eile nó faoi, beidh ag Ard-Rúnaí Roinne nó ag Ceann Oifige Sceidealta, de réir mar a bheidh, faoi réir chinneadh an Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta, nó faoi réir chinneadh an Rialtais, i dtaobh nithe a bhaineann le beartas, an t-údarás, an fhreagracht agus an chuntasacht chun na dualgais seo a leanas a chomhall i leith na Roinne nó na hOifige Sceidealta:

(b) ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire den Rialtas i leith na Roinne nó na hOifige Sceidealta na tráthanna seo a leanas, nó tráth is luaithe ná sin má cheanglaíonn an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta amhlaidh—

(i) laistigh de 6 mhí tar éis teacht i ngníomh don Acht seo,

(ii) laistigh de 6 mhí tar éis Aire nua den Rialtas a cheapadh a bheidh i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta, agus

(iii) i ndeireadh na tréimhse 3 bliana ón tráth is déanaí a ullmhaíodh ráiteas den sórt sin agus a cuireadh faoi bhráid Aire den Rialtas é,

agus tuarascálacha ar an dul chun cinn maidir le cur i ngníomh an ráitis straitéise a sholáthar don Aire den Rialtas gach bliain, nó i gceann cibé eatraimh a ordóidh an Rialtas le hordú ó am go ham;

Chun eolas a dhéanamh d fhorbairt an Ráitis Straitéise do 2025 – 2028, rinne an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) cleachtadh comhairliúcháin.

Áiríodh leis an gcleachtadh seo comhfhreagras foirmiúil a eisiúint chuig páirtithe leasmhara, aighneachtaí scríofa a lorg maidir le tosaíochtaí nó saincheisteanna straitéiseacha agus tras-earnálacha, agus comhairliúchán poiblí chun tuilleadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara a lorg maidir le réimsí téamacha na gníomhaíochta ar son na haeráide agus an chomhshaoil, cosaint ár n-acmhainní nádúrtha, agus fuinnimh.

Mhair an comhairliúchán ar feadh tréimhse ceithre seachtaine ón 13 Márta 2025 – 11 Aibreán 2025.

San iomlán, fuarthas 68 aighneacht ó raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear Ranna agus comhlachtaí Rialtais, baill den phobal, eagraíochtaí tráchtála agus grúpaí tionscail, lucht na hacadúlachta, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Bhreithnigh an Roinn na freagraí ar an gcomhairliúchán agus baineadh úsáid as an eolas a fuarthas le linn Ráiteas Straitéise do 2025 – 2028 a fhorbairt.

Tugann an tuarascáil seo a leanas forbhreathnú achomair ar na príomhthéamaí a sainaithníodh sna haighneachtaí comhairliúcháin agus cá bhfuil na téamaí seo le feiceáil sa Ráiteas Straitéise.

2 Príomhthéamaí

Aithníodh roinnt téamaí tábhachtacha ardleibhéil ón athbhreithniú ar fhreagraí an chomhairliúcháin, agus tá siad seo leagtha amach níos mionsonraithe thíos.

Thagair roinnt freagraí do Chibearshlándáil agus do Chumarsáid Dhigiteach. Ós rud é nach bhfuil na réimsí seo faoi chúram na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil a thuilleadh, níl siad léirithe sa Ráiteas Straitéise agus ní ghabhtar sa tuarascáil thíos iad.

2.1 Téama 1: Gníomhú Aeráide

Práinn na Gníomhaíochta Aeráide: Tá gá le cur i bhfeidhm beartais agus beart go luathaithe chun spriocanna 2030 na hÉireann a chomhlíonadh agus glan-nialas a bhaint amach faoi 2050.

Aistriú Cóir: Cinntigh go bhfuil an t-aistriú chuig geilleagar neodrach ó thaobh aeráide de cothrom agus cuimsitheach.

Rannpháirtíocht sa Phobal: Cumhachtaigh pobail chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht aeráide agus i bpróisis chinnteoireachta.

Is é Sprioc 1 sa Ráiteas Straitéise 2025 – 2028 ná “Dlús a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide agus Éire a ullmhú do thionchair aeráide atá ag athrú”.

Díríonn an sprioc seo ar cheannaireacht a sholáthar ón Roinn chun dlús a chur faoi sheachadadh an aistrithe chóir le go mbeadh sé neodrach ó thaobh aeráide de, rannpháirtíocht a éascú agus tacaíocht a sholáthar do ghníomhú ar son na haeráide ar gach leibhéal, taighde agus nuálaíocht a ghiaráil, agus tacú le freagairt náisiúnta agus athléimneacht i leith thionchair an athraithe aeráide.

2.2 Téama 2: Aistriú Fuinnimh, Dícharbónú agus Slándáil

Seoladh Fuinnimh In-athnuaite: Tá gá le seoladh gaoithe ar tír mór agus amach ón gcósta, fuinneamh na gréine, agus foinsí in-athnuaite eile (amhail bithmheatán agus hidrigin) a mhéadú agus dlús a chur fúthu chun spriocanna 2030 na hÉireann a bhaint amach.

Bonneagar Eangaí: Infheistíocht a dhéanamh i nuachóiriú eangaí chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don éileamh, agus chun freastal ar ghiniúint in-athnuaite agus leictriú méadaithe.

Slándáil Soláthair: Slándáil fuinnimh a chinntiú trí éagsúlú foinsí fuinnimh, stóráil agus idirnascadh.

Inacmhainneacht Fuinnimh: Inacmhainneacht fuinnimh a spreagadh do dhaoine aonair, do phobail agus do ghnólachtaí.

Is é Sprioc 2 sa Ráiteas Straitéise 2025 – 2028 ná “Córais fuinnimh na hÉireann a chlaochlú le bheith inbhuanaithe, inacmhainne agus slán”.

Díríonn an sprioc seo ar a chinntiú go nglacfar cur chuige comhordaithe agus atá éifeachtach ó thaobh costas de i leith sholáthar fuinnimh in Éirinn amach anseo, earnáil leictreachais na hÉireann a chlaochlú, soláthairtí fuinnimh inbhuanaithe slána, inacmhainne agus iontaofa a thiomáint, agus dícharbónú ár dtimpeallachta tógtha a thiomáint.

2.3 Téama 3: An Comhshaol, an Geilleagar Ciorclach & Acmhainní Nádúrtha

Cosaint an Chomhshaoil: Gnáthóga nádúrtha a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear an timpeallacht mhuirí.

Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe: Bainistiú acmhainní inbhuanaithe a chur chun cinn chun athléimneacht a fheabhsú agus díghrádú comhshaoil a laghdú.

Geilleagar Ciorclach: Aistriú chuig geilleagar ciorclach chun dramhaíl a laghdú, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú.

Is é Sprioc 3 sa Ráiteas Straitéise 2025 – 2028 ná “Ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú agus an geilleagar ciorclach agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de a fheabhsú”

Díríonn an sprioc seo ar leanúint leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola, córas pleanála muirí nua-aimseartha a sheachadadh agus a oibriú, cosaint fhadtéarmach agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha na hÉireann a chinntiú, agus ceart tsaoránaigh chun timpeallacht shláintiúil a chosaint.

2.4 Téama 4: Ceannaireacht Straitéiseach agus Cur i bhFeidhm

Ceannaireacht Straitéiseach: Treoir straitéiseach agus ceannaireacht shoiléir a sholáthar chun cur i bhfeidhm beartas aeráide agus fuinnimh a thiomáint.

Comhoibriú Trasearnála: Éilíonn gníomhú ar son na haeráide comhordú idir Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara chun ailíniú a chinntiú agus an tionchar a uasmhéadú.

Taighde agus Nuálaíocht: Tacú le taighde agus nuálaíocht chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin a thiomáint.

Faireachán agus Meastóireacht: Creatlacha láidre faireacháin agus meastóireachta a bhunú chun dul chun cinn a rianú agus cuntasacht a chinntiú.

Forbairt Beartais: Feabhsú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil forbairt beartais trédhearcach, agus go bhfuil beartais chuimsitheach agus inrochtana do chách.

Ar fud an Ráitis Straitéise, aithnítear ról na Roinne i dtreorú an aistrithe chuig sochaí agus geilleagar neodrach ó thaobh aeráide de, agus go mbeidh orainn oibriú trasna earnálacha chun an uaillmhian seo a bhaint amach.

Tá rannpháirtíocht agus comhoibriú bríoch le páirtithe leasmhara riachtanach chun cuspóirí beartais na Roinne a bhaint amach agus is gné lárnach dár gcur chuige straitéiseach iad fós. Táimid tiomanta d'oibriú lenár ngníomhaireachtaí, ar fud an Rialtais, ar fud earnálacha agus lenár bpobail chun an straitéis seo a sheachadadh agus ár bhfís a bhaint amach.

Leanfaimid orainn ag maireachtáil i dtírdhreach atá ag athrú go mear, agus tuigimid an gá atá le bheith nuálach chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Beidh ról suntasach ag an taighde agus ag an nuálaíocht i mbaint amach an t-aistriú le go mbeadh sé neodrach ó thaobh na haeráide de agus léirítear é seo ar fud na spriocanna inár Ráiteas Straitéise.

Tuigimid tábhacht obair ár Roinne agus an tionchar a bhíonn aici ar gach gné den tsochaí, lena n-áirítear ar nglúnta atá le teacht. Táimid feasach gur gá go mbeadh ár mbeartais fianaisebhunaithe agus inrochtana do chách.

Mar is léir ó na téamaí a leagtar amach thuas, is gá dlús a chur faoi sheachadadh más mian linn na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha síos ag an Rialtas i gClár an Rialtais 2025, Todchaí na hÉireann a Dhaingniú. Anuas ar na cuspóirí agus na gníomhartha a leagtar amach inár spriocanna straitéiseacha aeráide, fuinnimh agus comhshaoil chun seachadadh

a chur chun cinn, tá sprioc straitéiseach leithleach ann atá dírithe ar an Roinn féin a bheith ina heagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach agus chuimsitheach atá dírithe ar sheachadadh.

Díríonn an sprioc seo ar an Roinn a bheith struchtúrtha, acmhainnithe agus eagraithe ar an mbealach is fearr chun cur i gcrích an Ráitis Straitéise agus ar deireadh ár spriocanna aeráide bainteacha a stiúradh. Mar chuid den sprioc seo, leabóimid próisis láidre a chun tacú le beartú tosaíochta, le pleanáil gnó agus le leithdháileadh acmhainní ar fud na Roinne, á chinntiú go mbeidh ár n-acmhainní, idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, dírithe ar ár dtosaíochtaí a sheachadadh agus go mbeidh pleananna láidre i bhfeidhm chun tacú leo.